Polasaí Ghaelscoil Lorgan ar Chaomhnú Leanaí

Glacann an Bord Bainistíochta leis go bhfuil fiorthábhacht ag baint le caomhnú leanaí agus le leas leanaí i ngach uile ghné de shaol na scoile agus nach mór sin a bheith le sonrú i ngach polasaí, nós imeachta agus gníomhaíocht de chuid na scoile. Dá réir sin ag teacht lena n-éilítear faoi 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne Oideachais agus Scileanna, tá Bord Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan comhaontaithe ar an bpolasaí seo a leanas maidir le caomhnú leanaí:

1. *Glacann an Bord Bainistíochta le 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad go hiomlán, gan athrú gan leasú, mar chuid den pholasaí ginearálta maidir le caomhnú leanaí.*
2. *Is í Michelle Uí Mháirtín An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)*
3. *Is é Eóin ó hIarlaithe An Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA)*
4. *Cloífidh Gaelscoil Lorgan le prionsabail deachleachtais maidir le caomhnú agus leasa leanaí ina chuid polasaithe, nósanna imeachta, agus gníomhaíochtaí trí chéile.*

Déanfaidh an scoil

a. *glacadh leis go bhfuil fiorthábhacht le caomhnú leanaí agus leas leanaí, gan bheann ar aon cheist eile;*
b. *comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis chuí faoin reachtaíocht maidir le caomhnú leanaí agus cúrsaí leasa leanaí*
c. *gnásanna sábháilte a ghlacadh chuici féin chun dóchúlacht dochair agus timpistí do pháistí a laghdú agus chun oibrithe a chosaint ó bhaol nach gá a thógáil a d'fhéadfadh bheith ina chúis cúisimh maidir le mí-úsáid nó faillí amach anseo.*
d. *Cleachtas a bheadh oscailte/ionraic a chleachtadh leis na tuismitheoirí agus iad a spreagadh bheith rannpháirteach in oideachas a gcuid leanaí; agus*
e. *meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus í ag déileáil le cúrsaí caomhnaithe leanaí*

Cloífidh an scoil leis na prionsabail thuas freisin i ndáil le haon dalta fásta lena mbaineann soghontacht speisialta.

5. *Leanfaidh an scoil a polasaí agus a cuid cleachas maidir le Cód Iompar, Polasaí Frith-Bhulaíochta, Straitéis Tinrimh Daltaí, Maoirseacht ar Dhaltaí, Gníomhaíochtaí Spóirt, Turais Scoile, Socrúcháin oibre do Dhaltaí in iarscoileanna agus mar sin de ionas go gcloífear agus go n-athneartaítear Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanaí mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais.*

Chinntigh an Bord go go bhfuil na polasaithe, prótacail nó cleachtais, de réir mar is cuí, curtha i bhfeidhm i ndáil le gach ceann de na rudaí thuasluaite.

6. *Cuireadh an polasaí seo faoi bhráid fhoireann na scoile agus Choiste na dTuismitheoirí agus níl ar thuismitheoirí ach é a iarraidh agus gheobhaidh siad é. Cuirfear cóip den pholasaí seo ar fáil don Roinn agus don phátrún sa chás go n-iarrtar é.*

7. *Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an bpolasaí seo uair amháin in aghaidh na scoilbhliana.*

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bpolasaí seo ar an 25/03/21 *[dáta]*

Siniú: S O' Dufaigh *Síniú:* Michelle Uí Mháirtín

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta *Príomh-Oide*

Dáta: 25/03 *Dáta:* 25/03/21

Dáta an chéad athbhreithniú eile: Márta 2022